

AMHRÁN AN TSIONNAIGH

Sionnach a bhí ina chomhairleach ar na Bólaigh

Maidin Luan Cingcise an dara lá den tSaoire
Nach mise a bhí go haoibhinn ins na gleanna
Mo bholg os mo chionn a'm is mé a tosú a' déanamh aoibean
'S rud ab annamh liom a dhéanamh
Ní raibh mé ar airdeall

Ach an Breathnach bhí sé fealltúil
Is ba mhinic lena dhream é
'S nár bhunaídh Dia san áit é an sgéalaidhe
Chuir sé orm fáisnéis agus seilg ó Rí láidir
Nó gur ghiorruigh sé mo chairde ar an saoghal seo

Sionnach bocht gan mhísg mé a tháinig ar mo dhídion
Is nár bh'olc an ceart mé a dhíbirt as m'árus
Níor mharbhuigheas uan na caora mionnáinín na mínseach
Is nár mhaith an comharsa saolta libh ann mé

Chinn mise lom láidir ar Mharcus is ar Phádraic
Is ar a gcuid confairt is madraí fré chéile
Nó go dtáinig mé ar mo dhídion Ag Tomás Mac Con Faola
'S an gadaidhe b'olc an cara dom ann é

Tá an sionnach úd ag eiriú adeir Tomás Mac Con Faola
Agus feictear é ina thaidhbhse
'S tháinig sé in shaghad orm ins na gleannta
Chuir mé as ucht Críosta air Céard a chas aríst é
Ar breitheamhnas airighe nó faoistin fallsa

Éist a Mhic Con Faola ní bhaineann mo sgéal daor duit
Tá mise in imridhe an-chráidhte
An fear atá i Loch a' Bhuidhe amuich
Go mo choinneál as mo shaothrú
Mé tléismint ag dhul chun dligheas chuile lá leis

Déanfa mise m'uaghachta agus socróchaidh mé mo chuntas
A bhfuil isteach ó Úirid go dtí an Ábhach
Glionnán Seannach Domhnaill Bé Chatha is na Bólaigh
Agus is mise a bhí mo chomhairleach ar an méid sin.

Ach mo thruagh mo dhá pháiste
Atá ag imtheacht anois go fánach
Ar fud cruic agus gleannta gan chumhdach
Is an méid úd a bhí cruinn a'm
Gur fhan sé i Locha Bhuidhe uaim
Is ar Thiobóid a bhí mo shocrú fré chéile

Sé Tiobóid atá go suaimhneach

Is níl uireasbha den tsaoghal air
'S go gcaillfeadh sé dhá phingnín liom
Nó go gcuirfeadh sé síos fóidín ar mo thórramh

Tá mo chuid airgid mhóir go fairsing ina phóca
Mealladh na mban óg is dá mbréagadh
Ní thiocfadh do mo chaoineadh
Mo chrapadh nó go mo shíneadh
'S ní iomchróchach sé taobh de mo chróchar
Ach nach olc an ceart sa tír mo chuid a bheith Go cruinn aige
'S nach gcuirfeadh orm braitlín ná cónra

11/8/31

Shoraidh dhíbh a ghaibhne
Nach sibh a bhí go cladhrach
'S mé a eiteach faoi thaidhbhse de láidhe
Go raibh eolas a'm ar dhaoine
A mbeadh a mbuidéal a' tigheacht agus é líonta
Nuair a thiocfadh fear an tsiamsa i láthair
An t-am a raibh na righthe ag cogadh leis na draoithe
Badh é Bhulcan an fear a bhfírinne lámhord
'S gur fhág sé litir sgríobhta
ag a dtiocfadh ina dhiadh choidhchin
gan file a eitheadh choidhchin i gceardchan

Dá mbeinn-se i gCondae an Chláir i nGaillimh nó sa Spáinn
Nó thiar i mbarr airde Béartha
Nó i gCill Cholgáin na rástaí
In áit a mbíonn na báirí
Ag breathnú ar na mná a bhíos gléasta.

Le súil is go bhfuighinn-se faisnéis
Ar dhuine eicínt a bhfágailt
A mbeadh soineanta is cáilidheacht in éadan
Thiubhradh dhom-sa spás trí seachtainí amháin
'S a liaghachta fear go fán ceall a shéasúir
ach tiocfaidh an lá go fóill
go suidhfidh mé ar mo sheol
agus beidh airgead dá chomhaireamh ag na mná dom
Ceannóchad láidhe bhinn a bhéas ag obair le mo thaobh
Agus gur gheall le tambourine í istigh i mo gháirdín.

Carna 5/4/32